2025/133

29.1.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/133 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Eanáir 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí neamhthráchtála a dhéantar le huathghíreáin i ndálaí lena bhaineann rialacha amharceitilte

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(1), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (AE) 2018/1139.

(2) Tá cineálacha nua uathghíreán a bhfuil uasmhais éirí de thalamh acu a sháraíonn 600 kg ag teacht ar mhargadh an Aontais Eorpaigh. Tá coinne leis nach mbainfidh na haerárthaí sin ach le hoibríochtaí neamhthráchtála a dhéantar i ndálaí rialacha amharceitilte (VFR). Cé go dtagann na haerárthaí sin faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/1139, ní áirítear iad i Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 faoi láthair.

(3) Dá réir sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a leasú chun a áirithiú go bhfuil rialacha an Aontais Eorpaigh ann atá oiriúnach agus iomchuí maidir le hoibriú sábháilte uathghíreán, lena n-áirithítear cur chun feidhme aonfhoirmeach na gceanglas fíor-riachtanach dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2018/1139, agus comhlíontacht leis na ceanglais sin.

(4) D'ullmhaigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh dréachtghníomh cur chun feidhme agus chuir sí faoi bhráid an Choimisiúin é le Tuairim Uimh. 04/2024 ([3]) i gcomhréir le hAirteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an focal 'rótarárthaí' in ionad an fhocail 'héileacaptair';

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/965/oj).
([3]) https://www.easa.europa.eu/ga/document-library/opinions/opinion-no-042024.

(b) cuirtear an mhír 8 seo a leanas isteach:

‘8. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na hoibríochtaí a leanas a dhéantar le huathghíreáin:

(a) oibríochtaí tráchtála, cé is moite de na hoibríochtaí a shonraítear in Airteagal 6(4a);

(b) oibríochtaí a dhéantar faoi rialacha um eitilt de réir uirlisí.’;

(2) in Airteagal 2, cuirtear isteach an pointe (15) seo a leanas:

‘(15) ciallaíonn “uathghíreán” cineál rótarárthaigh a fhaigheann tacaíocht le linn eitilte ó fhrithghníomhuithe an aeir ar suas le dhá rótar a rothlaíonn gan bhacainn ar aiseanna atá ingearach a bheag nó a mhór.’;

(3) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 4a seo a leanas isteach:

‘4a. Oibreoirí uathghíreán a bhaineann le hoibríochtaí neamhthráchtála a dhéantar i ndálaí a bhaineann le rialacha amharceitilte, oibreoidh siad an t-aerárthach i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.’;

(b) i mír 5, pointe (b), cuirtear an focal ‘rótarárthaí’ in ionad an fhocail ‘héileacaptair’;

(4) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

i mír 3, pointí (a) agus (b), cuirtear an focal ‘rótarárthaí’ in ionad an fhocail ‘héileacaptair’;

(5) Leasaítear Iarscríbhinn I (Sainmhínithe le haghaidh téarmaí a úsáidtear in Iarscríbhinní II go IX) agus Iarscríbhinn VII (Cuid-NCO) i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 18 Feabhra 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I (Sainmhínithe le haghaidh téarmaí a úsáidtear in Iarscríbhinní II go IX) mar a leanas:

(a) i sainmhíniú (30), cuirtear na focail 'nó uathghíreáin' isteach tar éis an fhocail 'eitleáin';

(b) i sainmhíniú (69), i bpointe (a)(ii) cuirtear an focal 'rótarárthach' in ionad an fhocail 'héileacaptar';

(c) i sainmhíniú (82), i bpointe (b) cuirtear an focal 'rótarárthach' in ionad an fhocail 'héileacaptar';

(2) Leasaítear Iarscríbhinn VII (Cuid-NCO) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCO.GEN.115:

'NCO.GEN.115 Inleadh eitleán nó uathghíreán

Ní dhéanfar eitleán nó uathghíreán a inleadh ach amháin ar limistéar gluaiseachta aeradróim má tá an duine atá ag na rialtáin:

(a) ina phíolóta cuícháilithe; nó

(b) ainmnithe ag an oibreoir agus:

(1) oilte chun an t-eitleán nó an t-uathghíreán a inleadh;

(2) oilte chun an radaiteileafón a úsáid, má tá gá le cumarsáid raidió;

(3) tar éis oiliúint a bheith faighte aige roimhe maidir le leagan amach an aeradróim agus maidir leis na bealaí, comharthaí, marcáil, agus soilse atá ann, agus maidir le comharthaí, treoracha, foclaíocht agus nósanna imeachta rialaithe aerthráchta; agus

(4) a bheith in ann cloí leis na caighdeáin oibríochta is gá le haghaidh gluaiseacht shábháilte eitleán nó uathghíreán ag an aeradróm.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal phointe NCO.OP.120:

'**NCO.OP.120 Nósanna imeachta maidir le laghdú torainn**';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal phointe NCO.OP.125:

'**NCO.OP.125 Soláthar breosla/fuinnimh agus ola**';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal phointe NCO.OP.155:

'NCO.OP.155 Caitheamh tobac ar bord';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal phointe NCO.OP.175:

'**NCO.OP.175 Dálaí éirí de thalamh**';

(f) cuirtear an pointe NCO.OP.207 nua seo a leanas isteach:

'NCO.OP.207 Coinníollacha ascnaimh agus tuirlingthe – uathghíreáin

Sula gcuirfidh an píolóta atá i gceannas tús le hascnamh chun na talún, ní mór dó a bheith sásta, de réir na faisnéise atá ar fáil, nach gcuirfidh an aimsir ag an aeradróm ná ag an láithreán oibriúcháin agus riocht an rúidbhealaigh atáthar a bheartú a úsáid bac ar ascnamh, tuirlingt nó ascnamh iomraill atá sábháilte.';

(g) i bhFochuid D, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Roinn 2:

'SECTION 2 – RÓTARÁRTHACH'

(h) i bpointe NCO.IDE.H.100, pointí (a)(4) agus (c)(2), cuirtear an focal 'rótarárthach' in ionad an fhocail 'héileacaptar';

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCO.IDE.H.105:

'NCO.IDE.H.105 Trealamh íosta le haghaidh eitilte

Ní chuirfear tús le heitilt nuair atá aon cheann d'ionstraimí an rótarárthaigh, de na míreanna trealaimh nó de na feidhmeanna is gá le haghaidh na heitilte atá beartaithe as feidhm nó ar iarraidh, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) oibrítear an t-uathghíreán i gcomhréir le híosliosta trealaimh (MEL), i gcás ina suitear gur ann dó; nó

(b) tá an rótarárthach faoi réir cead eitilte a eisítear i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le haeracmhainneacht.';

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCO.IDE.H.115:

'NCO.IDE.H.115 Soilse oibriúcháin

Beidh rótarárthaí a oibrítear istoíche feistithe leis an méid seo a leanas:

(a) córas soilse frith-imbhuailte;

(b) soilse aerloingseoireachta/suímh;

(c) solas tuirlingthe;

(d) soilsiú ó chóras leictreachais an rótarárthaigh chun soilsiú leormhaith a sholáthar le haghaidh na n-uirlisí agus an trealaimh ar fad atá fíor-riachtanach d'oibriú slán an rótarárthaigh;

(e) soilsiú ó chóras leictreachais an rótarárthaigh chun soilsiú leormhaith a sholáthar i ngach urrann phaisinéirí;

(f) solas inaistrithe neamhspleách le haghaidh gach stáisiún comhalta foirne; agus

(g) soilse a chomhlíonann na Rialacháin Idirnáisiúnta chun Imbhualadh ar Muir a Chosc, i gcás rótarárthaí amfaibiacha.';

(k) leasaítear pointe NCO.IDE.H.120 mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear an focal 'Rótarárthach' in ionad an fhocail 'Héileacaptar';

(ii) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'(b) Rótarárthaí a oibrítear faoi staid mheitéareolaíoch amharc-eitilte istoíche, nó agus an léargas níos lú ná 1 500 m, nó i ndálaí nach féidir an rótarárthach a choinneáil ar ruthag eitilte iarrtha gan dul i muinín uirlis amháin nó níos mó, beidh siad, de bhreis ar (a), feistithe leis an méid seo a leanas:';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) Rótarárthaí a oibrítear agus an léargas níos lú ná 1 500 m, nó i ndálaí nach féidir an rótarárthach a choinneáil ar ruthag eitilte iarrtha gan dul i muinín uirlis amháin nó níos mó, beidh siad, de bhreis ar (a) agus (b), feistithe le modh chun cosc a chur ar mhífheidhm an chórais táscaigh aerluais a cheanglaítear in (a) (4) de dheasca comhdhlúthú nó oighriú.';

(l) in NCO.IDE.H.135, cuirtear an focal 'Rótarárthaí' in ionad an fhocail 'Héileacaptair';

(m) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCO.IDE.H.140:

'NCO.IDE.H.140 Suíocháin, criosanna sábhála do shuíocháin, córais bhactha agus srianta sábháilteachta linbh

(a) Beidh rótarárthaí feistithe leis an méid seo a leanas:

(1) suíochán nó beart le haghaidh gach duine ar bord atá 24 mhí d'aois nó níos sine, nó ionad le haghaidh gach comhalta foirne nó speisialtóir taisc atá ar bord;

(2) crios sábhála ar gach suíochán paisinéara agus criosanna srianta ar gach beart, agus gléasanna um shrianadh le haghaidh gach ionad;

(3) le haghaidh rótarárthaí ar ina leith a eisíodh deimhniú aeracmhainneachta ar ina leith a eisíodh deimhniú aeracmhainneachta aonair den chéad uair tar éis an 31 Nollaig 2012, crios sábhála ag a bhfuil córas sriain ag uachtar na cabhlach le haghaidh gach paisinéir atá 24 mhí d'aois nó níos sine;

(4) srian sábháilteachta linbh le haghaidh gach duine ar bord atá níos óige ná 24 mhí d'aois; agus

(5) crios sábhála ag a bhfuil córas sriain ag uachtar na cabhlach ina bhfuil gaireas a shrianfaidh cabhlach an áititheora go huathoibríoch i gcás ina ndéantar luasmhoilliú mear ar gach suíochán don fhoireann eitilte.

(b) Crios sábhála ag a bhfuil córas sriain ag uachtar na cabhlach, osclófar é ag aon phointe amháin.';

(n) i bpointe NCO.IDE.H.145, i bpointe (a) cuirtear an focal 'Rótarárthaí' in ionad an fhocail 'Héileacaptair';

(o) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCO.IDE.H.155

'NCO.IDE.H.155 Ocsaigin fhorlíontach — rótarárthach neamh-bhrúite

Ní mór do rótarárthaí neamh-bhrúite a oibrítear nuair is gá do sholáthar ocsaigine i gcomhréir le NCO.OP.190 a bheith feistithe le stóráil ocsaigine agus le fearas dáilte atá in ann na soláthairtí ocsaigine riachtanacha a stóráil agus a dháileadh.';

(p) i bpointe NCO.IDE.H.160, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráitigh de phointe (a):

'(a) Beidh rótarárthaí, seachas héileacaptair ELA2, feistithe le múchtóir dóiteáin láimhe amháin ar a laghad:';

(q) i bpointe NCO.IDE.H.165, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'Má mharcáiltear áiteanna ar chabhail an rótarárthaigh atá oiriúnach do bhriseadh isteach ag foirne tarrthála i gcás éigeandála, marcálfar áiteanna den sórt sin mar a léirítear i bhFíor 1.';

(r) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCO.IDE.170:

'NCO.IDE.H.170 Tarchuradóir aimsitheora éigeandála (ELT)

(a) Beidh rótarárthaí atá deimhnithe d'uaschumraíocht oibríochtúil suí do phaisinéirí is mó ná sé shuíochán feistithe leis an méid seo a leanas:

(1) tarchuradóir aimsitheora éigeandála uathoibríoch; agus

(2) tarchuradóir aimsitheora éigeandála gábhthéarnamh (ELT(S)) amháin ar rafta tarrthála nó seaicéad tarrthála nuair atá an rótarárthach á oibriú ag achar ón talamh a chomhfhreagraíonn do níos mó ná 3 nóiméad am eitilte ar ghnáthluas cúrsála.

(b) Rótarárthaí atá deimhnithe d'uaschumraíocht oibríochtúil suí do phaisinéirí is mó ná sé shuíochán, beidh siad feistithe le ELT(S) nó le rabhchán aimsithe pearsanta (PLB), á iompar ag comhalta foirne nó ag paisinéir, nó le tarchuradóir aimsitheora éigeandála uathoibríoch.

(c) tarchuradóirí aimsitheora éigeandála de chineál ar bith agus PLBanna, beidh siad in ann a tharchur go comhuaineach ar 121,5 MHz agus 406 MHz.';

(s) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCO.IDE.H.175:

'NCO.IDE.H.175 Eitilt os cionn uisce

(a) Beidh an rótarárthach feistithe le seaicéad tarrthála do gach duine ar bord nó gléas snámhachta aonair coibhéiseach do gach duine ar bord atá níos óige ná 24 mhí d'aois, a chuirfidh an duine air nó a stuálfar in áit a bheidh inrochtana go héasca ó shuíochán nó ó bheart an duine dá gcuirtear ar fáil é lena úsáid, sna cásanna seo a leanas:

(1) táthar ag eitilt os cionn uisce níos faide ná achar uathrothlach ó thalamh i gcás chliseadh innill chriticiúil, nach bhfuil an rótarárthach in ann eitilt cothrom a choinneáil; nó

(2) táthar ag eitilt os cionn uisce níos faide ná achar foluaineach ón talamh i gcás chliseadh an innill chriticiúil, nach bhfuil an t-uathghíreán in ann eitilt chothrom a choinneáil; nó

(3) táthar ag eitilt os cionn uisce níos faide ná achar ón talamh a chomhfhreagraíonn don eitilt níos mó ná 10 nóiméad ar ghnáthluas cúrsála, i gcás cliseadh innill chriticiúil, nach bhfuil an rótarárthach in ann eitilt chothrom a choinneáil; nó

(4) táthar ag eirí nó ag tuirlingt ag aeradróm/láithreán oibriúcháin ag a bhfuil an bealach éirí de thalamh nó ascnaimh thar an uisce.

(b) Beidh gach seaicéad tarrthála nó gléas snámhachta aonair coibhéiseach feistithe le modh soilsithe leictrigh chun críche aimsiú daoine a éascú.

(c) An píolóta i gceannas ar rótarárthach atá á oibriú le linn eitilt thar uisce ag achar ón talamh a chomhfhreagraíonn d'am eitilte níos mó ná 30 nóiméad ar ghnáthluas cúrsála nó 50 muirmhíle, cibé acu is giorra, is é a chinnfidh na rioscaí marthanais a bhainfeadh le háititheoirí an rótarárthaigh i gcás tuirlingt éigeandála ar uisce, ar ar a bhonn sin a chinnfidh sé iompar na nithe seo a leanas:

(1) trealamh chun comharthaí guaise a dhéanamh;

(2) líon leordhóthanach raftaí tarrthála chun gach duine ar bord a iompar, na raftaí a bheith stuáilte sa chaoi go n-éascófar a n-úsáid phras i gcás éigeandála; agus

(3) trealamh tarrthála, lena soláthraítear bealach chun beatha a chothabháil, de réir mar is iomchuí don eitilt atá le déanamh.

(d) Cinnfidh an píolóta i gceannas na rioscaí marthanais a bhainfeadh le háititheoirí an rótarárthaigh i gcás tuirlingt éigeandála ar uisce, agus é ag cinneadh an gcaithfidh gach áititheoir na seaicéid tarrthála a cheanglaítear i bpointe (a).';

(t) i bpointe NCO.IDE.H.180, cuirtear an focal 'Rótarárthaí' in ionad an fhocail 'Héileacaptair';

(u) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCO.IDE.H.185:

'NCO.IDE.H.185 Gach rótarárthach ar eitiltí thar uisce – tuirlingt éigeandála

Rótarárthach ag eitilt thar uisce i dtimpeallacht naimhdeach níos mó ná 50 muirmhíle ón gcósta, beidh ceann den trí mhír seo ag baint leis:

(a) beidh sé deartha le haghaidh tuirlingt ar uisce i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin ábhartha;

(b) beidh sé deimhnithe le haghaidh tuirlingt éigeandála ar uisce a dhéanamh i gcomhréir leis na sonraíochtaí deimhniúcháin ábhartha;

(c) beidh sé feistithe le trealamh snámhachta éigeandála.';

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCO.IDE.H.190:

'NCO.IDE.H.190 Trealamh cumarsáide raidió

(a) Nuair a éilítear é san aerspás ina bhfuiltear ag eitilt, beidh rótarárthaí feistithe le trealamh cumarsáide raidió atá in ann cumarsáid déthreo a dhéanamh leis na stáisiúin aerloingseoireachta agus ar na minicíochtaí sin a chomhlíonfaidh na ceanglais aerspáis.

(b) Beifear in ann le trealamh cumarsáide raidió, má cheanglaítear amhlaidh le pointe (a), cumarsáid a dhéanamh ar an minicíocht éigeandála aerloingseoireachta 121,5 MHz.

(c) I gcás ina bhfuil gá le níos mó ná aonad trealaimh cumarsáide amháin, beidh gach ceann acu neamhspleách ar an gceann eile nó ar na cinn eile sa mhéid nach bhfágfadh cliseadh cinn amháin go gclisfeadh aon cheann eile.

(d) I gcás ina bhfuil gá le córas cumarsáide raidió, agus sa bhreis ar an gcóras idirchumarsáide foirne eitilte a cheanglaítear i NCO.IDE.H.135, beidh rótarárthaí feistithe le cnaipe tarchurtha ar na rialtáin eitilte is gá do gach píolóta agus/ nó do gach comhalta foirne agus iad i mbun a stáisiún oibre féin.';

(w) i bpointe NCO.IDE.H.200, cuirtear an focal 'rótarárthaí' in ionad an fhocail 'héileacaptair';

(y) cuirtear an NCO.SPEC.172 nua seo a leanas isteach:

'NCO.SPEC.172 Critéir feidhmiúcháin agus oibriúcháin — uathghíreáin

Nuair a oibríonn sé uathghíreán ag airde níos lú ná 150 m (500 troigh) os cionn limistéar neamhphlódaithe, le haghaidh uathghíreáin nach bhfuil in ann eitilt chothrom a choinneáil i gcás cliseadh criticiúil innill, beidh an píolóta i gceannas tar éis:

(a) nósanna imeachta oibríochtúla a bhunú chun iarmhairtí de dheasca cliseadh innill a laghdú; agus

(b) gach comhalta foirne agus speisialtóir taisc atá ar bord a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta le déanamh i gcás tuirlingt éigeantach.'.